

IONSTRAIMÍ REACTÚLA
STATUTORY INSTRUMENTS

I.R. Uimh. 150 de 2006

S.I. No. 150 of 2006

Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí) 2006

Official Languages Act 2003 (Public Bodies) Regulations 2006

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA
CLIATH 2,
Nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 – 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar nó ar fáil saor in aisce ó www.pobail.ie.

PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
DUBLIN
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 – 6476843)
or through any bookseller or available free of charge from www.pobail.ie.

SI 150 of 2006
Official Languages Act 2003 (Public Bodies) Regulations 2006

I, Éamon Ó Cuív, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, in exercise of the powers conferred on me by subsection (1)(a) of section 4 of, and paragraphs 1(5) and 3 of the First Schedule to, the Official Languages Act 2003 (No. 32 of 2003) and with the consent of the Minister for Finance in so far as the Regulations are made under subsection (1)(a) of that section and, to the extent that the Regulations relate to the respective functions of the Taoiseach, the Minister for Arts, Sport and Tourism, the Minister for Health and Children, the Minister for Transport, the Minister for Justice, Equality and Law Reform, the Minister for Education and Science, the Minister for Enterprise, Trade and Employment, the Minister for Social and Family Affairs, the Minister for Defence, the Minister for the Environment, Heritage and Local Government, the Minister for Communications, Marine and Natural Resources and the Minister for Finance, with the consent of those Ministers of the Government, hereby make the following Regulations, with respect to which, pursuant to subsection (3) of that section, a draft has been laid before each House of the Oireachtas and a resolution approving of the draft has been passed by each such House:

IR 150 de 2006**Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí) 2006**

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le fo-alt (1)(a) d'alt 4 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003), agus le míreanna 1(5) agus 3 den Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus le toiliú an Aire Airgeadais a mhéid a dhéantar na Rialacháin sin faoi fho-alt 1(a) den alt sin agus, a mhéid a bhaineann na Rialacháin sin le feidhmeanna an Taoisigh, an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an Aire Sláinte agus Leanaí, an Aire Iompair, an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an Aire Gnóthaí Shóisialacha agus Teaghlaigh, an Aire Cosanta, an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha agus an Aire Airgeadais, faoi seach, le toiliú na nAirí sin, déanaimse, Éamon Ó Cuív, T.D., Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, leis seo na Rialacháin seo a leanas ar ina leith, de bhun fho-alt (3) den alt sin, a leagadh dréacht faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus a rith gach Teach díobh sin rún ag ceadú an dréachta:

1. (1) These Regulations may be cited as the Official Languages Act 2003 (Public Bodies) Regulations 2006.

(2) These Regulations come into operation on 1 May 2006.
2. The bodies, organisations and groups specified in Schedule 1 to these Regulations are prescribed for the purposes of paragraph 1(5) of the First Schedule to the Official Languages Act 2003 (No. 32 of 2003).
3. Paragraph 1(2) of the First Schedule to the Official Languages Act 2003 is amended by the deletion of the references to the agencies, boards and State companies specified in Schedule 2 to these Regulations.

1. (1) Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
(Comhlachtaí Poiblí) 2006 is teideal do na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 1 Bealtaine 2006.

2. Déantar na comhlachtaí, na heagraíochtaí agus na grúpaí atá sonraithe sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin seo a fhorordú chun críocha mhír 1(5) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003).

3. Déantar mír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a leasú trí na tagairtí do na gníomhaireachtaí, do na boird agus do na cuideachtaí Stáit atá sonraithe sa Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin seo a scriosadh.

Schedule 1 / Sceideal 1

Advisory Council for English Language Schools	An Chomhairle um Scoileanna Béarla
Affordable Homes Partnership	An Chomhpháirtíocht Tithíochta In-Acmhainne
Central Applications Office	An Lár-Oifig Iontrála
Civil Defence Board	An Bord Cosanta Sibhialta
Commission for Taxi Regulation	An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe
Cork Airport Authority plc	Údarás Aerfort Chorcaí cpt
Digital Hub Development Agency	An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
Dormant Accounts Fund Disbursement Board	Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin
Dublin Airport Authority plc	Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt
Embark Initiative	Tionscnamh Embark
Health Service Executive	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Irish Research Council for the Humanities and Social Sciences	An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta
Léargas – the Exchange Bureau	Léargas – An Biúró Malartaithe
National Council for Special Education	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Crime Council	An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht
National Economic and Social Development Office	An Oifig Náisiúnta d’Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach
National Education Welfare Board	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
National Treatment Purchase Fund	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
Personal Injuries Assessment Board	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
Private Residential Tenancies Board	An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Priobháideacha
Railway Procurement Agency	An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród
Science Foundation Ireland	Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Shannon Airport Authority plc	Údarás Aerfort na Sionainne cpt
Special Residential Services Board	An Bord Seirbhísí Cónaithe Speisialta
the Family Support Agency	An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh
the Financial Services Ombudsman’s Bureau	Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais
the National Advisory Committee on Drugs	An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Drugaí
the National Breast Screening Board	An Bord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe
the National Development Finance Agency	An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais

the National Pensions Reserve Fund Commission	Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
the National Tourism Development Authority (Fáilte Ireland)	An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta
the Ombudsman for Children	An tOmbudsman do Leanáí
the Pensions Ombudsman	An tOmbudsman do Phinsin
the Private Security Authority	An tÚdarás um Shlándaíl Phríobháideach


Schedule 2 / Sceideal 2

the Eastern Regional Health Authority and an area health board	Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir agus bord sláinte limistéir
Advisory Committee on Cultural Relations	Comhar Cultúra Éireann
Aer Rianta cpt	Aer Rianta cpt
An Bord Glas	An Bord Glas
Bord Fáilte Éireann	Bord Fáilte Éireann
C.E.R.T. Limited	An Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint (C.E.R.T. <i>Limited</i>)
Comhairle na nOspidéal	Comhairle na nOspidéal
General Medical Services Payment Board	An Bord Seirbhísí Liachta Ginearálta (Íocaíochtaí)
Health Service Employers Agency	An Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte
Hospital Bodies Administrative Bureau	Biúró Riaracháin na gComhlachtaí Ospidéil
Hospitals Trust Board	Bord Iontaobhais na nOspidéal
Institiúid Teangeolaíochta Éireann	Institiúid Teangeolaíochta Éireann
Irish Fertiliser Industries Ltd.	Tionscail Leasacháin na hÉireann Teoranta
Irish Productivity Centre	Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann
Irish Telecommunications Investments plc	Infheistíochtaí Teileachumarsáide na hÉireann cpt
Levy Appeals Tribunal	An Binse Achomhairc Tobhach
National Committee for Development Education	An Coiste Náisiúnta um Oideachas Foráis
National Rehabilitation Board	An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin
Temple Bar Renewal Limited	<i>Temple Bar Renewal Limited</i>
the Information Society Commission	Coimisiún na Sochaí Faisnéise
the National Council for Vocational Awards	Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Gairmoideachais

The Minister for Finance consents to the making of these Regulations under section 4(1)(a) of the Official Languages Act 2003 and to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,

this 24th day of February 2006.



Toilíonn an tAire Airgeadais leis na Rialacháin seo a dhéanamh faoi alt 4(1)(a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 24ú lá seo d'Fheabhra 2006


Brian Cowen

Minister for Finance/ Aire Airgeadais

The Taoiseach consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to his functions as a Minister of the Government.

GIVEN under the Official Seal of the Taoiseach,

this 24th day of February 2006



Toilíonn an Taoiseach leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad lena fheidhmeanna mar Aire den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Taoisigh

an 24ú lá seo d'Fheabhra 2006


Bertie Ahern

Taoiseach

The Minister for Arts, Sport and Tourism consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,


this 1st day of March 2006.



The Minister for Health and Children consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal

this 1st day of March 2006



Toilíonn an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006

John O Donoghue

Minister for Arts, Sport and Tourism /
Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Toilíonn an tAire Sláinte agus Leanaí leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006


Mary Harney

Minister for Health and Children / Aire Sláinte agus Leanaí

The Minister for Transport consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,


this 1st day of March 2006



The Minister for Justice, Equality and Law Reform consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal

this 1st day of March 2006



Toilíonn an tAire Iompair leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006

Martin Cullen

Minister for Transport / Aire Iompair

Toilíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006


Micheál Mac Dubhghaill

Minister for Justice, Equality and Law Reform / Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

The Minister for Education and Science consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,


this 1st day of March 2006



The Minister for Enterprise, Trade and Employment consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal

this 1st day of March 2006



Toilíonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006

Mary Hanafin

Minister for Education and Science / Aire Oideachais agus Eolaíochta

Toilíonn an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006


Micheál Martin

Minister for Enterprise, Trade and Employment / Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

The Minister for Social and Family Affairs consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,

this 1st day of March 2006



Toilíonn an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 1ú lá seo de Mhárta 2006


Séamus Brennan

Minister for Social and Family Affairs /
Aire Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh

The Minister for Defence consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal

this 23rd day of March 2006



Toilíonn an tAire Cosanta leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 23ú lá seo de Mhárta 2006


Willie O Dea

Minister for Defence / Aire Cosanta

The Minister for the Environment, Heritage and Local Government consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal,


this 28th day of February 2006.



The Minister for Communications, Marine and Natural Resources consents to the making of these Regulations to the extent that they relate to the functions of that Minister of the Government.

GIVEN under my Official Seal

this 6th day of March 2006



Toilíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 28ú lá seo d’Fheabhra 2006

Dick Roche

Minister for the Environment, Heritage and Local Government / Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Toilíonn an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha leis na Rialacháin seo a dhéanamh a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna an Aire sin den Rialtas.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil

an 6ú lá seo de Mhárta 2006

Noel Dempsey


Minister for Communications, Marine and Natural Resources / Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha

GIVEN under my Official Seal,

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala
Oifigiúil

this 4th day of April 2006.

an 4ú lá seo d'Aibreán 2006



Éamon Ó Cuív

Minister for Community, Rural and
Gaeltachta Affairs / Aire Gnóthaí Pobail,
Tuaithe agus Gaeltachta

Nóta Míniúcháin

(Ní chuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Tugann na Rialacháin seo tuilleadh comhlachtaí poiblí faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus scriosann siad ón gCéad Sceideal ainmneacha comhlachtaí poiblí atá scortha de bheith ar marthain nó de bheith ag oibriú ó ritheadh an tAcht.

Explanatory Note

(This note is not part of the Instrument and does not purport to be a legal interpretation.)

These Regulations bring additional public bodies within the scope of the Official Languages Act 2003 and delete from the first Schedule to the Act the names of public bodies that have ceased to exist or to operate since it was passed.